**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/967 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2 Aibreán 2024**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gráin mhilis áirithe in eithní atá ullmhaithe nó leasaithe, ar allmhairí iad de thionscnamh Ríocht na Téalainne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá allmhairí arbhair mhilis áirithe in eithní, allmhairí atá ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh na Téalainne faoi réir dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Sun Sweet Co., Ltd., cód breise TARIC ([3]) A792, cuideachta atá faoi réir ráta dleachta frithdhumpála aonair 11,1 %, chuir sí in iúl don Choimisiún an 7 Márta 2023 gur athraigh sí a hainm go Sunsweet Public Company Limited.

(3) D'iarr an chuideachta ar an gCoimisiún a dheimhniú nach ndéanfaidh an t-athrú ainm aon difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta frithdhumpála aonair ab infheidhme maidir léi faoin ainm a bhí uirthi roimhe sin.

(4) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh an t-athrú ar an ainm cláraithe i gceart leis na húdaráis ábhartha, agus nach raibh aon ghaol nua ann dá bharr le grúpaí eile cuideachtaí a bhain le díolacháin an táirge nach ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu.

(5) Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú ar an ainm difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996, agus go háirithe don ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis.

(6) Ba cheart an t-athrú ar an ainm a theacht i bhfeidhm amhail ón 7 Márta 2023. Chuathas i dteagmháil leis an gcuideachta maidir leis an dáta is infheidhme. Dheimhnigh an chuideachta, cé gur athraíodh an t-ainm amhail ón 4 Meán Fómhair 2017, nár iarr sí ar an gCoimisiún an t-athrú ar an ainm a dheimhniú amhail ón 7 Márta 2023.

(7) I bhfianaise a bhfuil sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996 a leasú chun ainm nua na cuideachta a léiriú, ainm ar sannadh cód breise TARIC A792 dó roimhe seo.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 310, 2.12.2019, lch. 6.
([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leasaítear Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996 ón gCoimisiún mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 'Sun Sweet Co., Ltd, 9 M. 1, Sanpatong, Chiang Mai 50120, An Téalainn | 11,1 | A792' |

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

| | | |
|---|---|---|
| 'Sunsweet Public Company Limited, 9 M. 1, Sanpatong, Chiang Mai 50120, An Téalainn | 11,1 | A792' |

2. Beidh cód breise TARIC A792 a sannadh roimhe seo do Sun Sweet Co., Ltd., infheidhme maidir le Sunsweet Public Company Limited, amhail ón 7 Márta 2023. Aon dleacht chinntitheach a íocadh ar allmhairí táirgí arna monarú ag Sunsweet Public Company Limited de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1996 a mhéid a bhaineann le Sunsweet Public Co., Ltd., is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN